

Eleathanach244

Dé Luain 24 Deireadh Fómhair 2016


Anthony Foley

Fuair Anthony Foley bás an tseachtain seo caite. Bhí sé 42 bliain d'aois. Ba é traenálaí fhoireann rugbaí na Mumhan é. Fuair sé bás i bPáras.

Tá an-bhrón ar fhoireann rugbaí na Mumhan. Bhí cluiche acu i Luimneach i staid Thomond Dé Domhnaigh. D'imir siad in aghaidh *Glasgow Warriors*. Bhí nóiméad ciúnais ann d'Anthony.

Bhuaigh foireann rugbaí na Mumhan an cluiche. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná foireann rugbaí na Mumhan: 38 *Glasgow Warriors*. 17. Scórail Simon Zebo úd sa chluiche.

Bhí Olive, bean chéile Anthony Foley, agus a mbeirt pháistí i láthair ag an gcluiche. Bhí an tsochraid ar siúl i gCill Dalua, i gContae an Chláir Dé hAoine.



Bhuaigh *Little Mix* an *X Factor* sa bhliain 2011. Bhí 48.2% den vóta acu! Bhí Tulisa Contostavlos mar mheantóir acu!

Little Mix

Tá singil nua ag *Little Mix*. Tá Jade Thirlwall, Jesy Nelson, Leigh-Anne Pinnock agus Perrie Edwards sa ghrúpa ceoil. An t-ainm don amhrán nua ná *Shout Out To My Ex*. Chan siad an t-amhrán ar an *X Factor* cúpla seachtain ó shin.

Tá ag éiri go hiontach le *Little Mix*. Tá siad an-chairdiúil lena chéile. Dhíol siad 2.5 milliún albam agus 5 mhilliún singil ar fud an domhain.

An t-ainm den chéad chamchuairt eile ná *The Glory Days Tour*. Beidh siad ag canadh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2017.

Cad é an leabhar Béarla is fearr leat?

Is féidir do vóta a chaitheamh don leabhar Béarla is fearr do pháistí riamh! Téigí chuig an suíomh seo agus tá liosta na leabhar le feiceáil <http://time.com/100-best-childrens-books/>

Dhá leabhar ar an liosta ná *Where the Wild Things Are* agus *Click Clack Moo*. Is leabhair do pháistí iad sin agus tá pictiúir áille iontu!

Is féidir freisin do vóta a chaitheamh don leabhar is fearr do dhaoine óga <http://time.com/100-best-young-adult-books/> Tá *Charlotte's Web* agus *The Diary of Anne Frank* ar an liosta seo!

Céard é an leabhar Gaeilge is fearr leat? Seolaigí bhur smaointe isteach

WHERE THE WILD THINGS ARE



STORY AND PICTURES BY MAURICE SENDAK